



Bileog eolais d’othair – do chataitéar fuail (urinary catheter)

Cad is cataitéar fuail ann?

Feadán is ea cataitéar fuail trína ndéantar fual (mún) ó do lamhnán a dhraenáil amach i mála.

- Is feadán caol, solúbtha, bog é cataitéar,
- Cuirtear isteach i do lamhnán é trí:
 - d’úiréadra (an áit a dtagann do mhún amach) nó
 - réigiún an bhoilg íochtair – tugtar ‘cataitéar forphúbasach’ air sin.

Cén fáth a bhfuil cataitéar orm?

D’fhéadfá cataitéar a bheith ort ar go leor cúiseanna éagsúla. Is iad seo a leanas cuid de na cúiseanna sin:

- Níl tú ábalta fual (mún) a dhéanamh ar chúis éigin – tugtar ‘coinneáil’ air sin.
- Tá tú ag sceitheadh fuail an t-am ar fad – tugtar ‘neamhchoinneálacht’ air sin.
- Tá sé de dhíth ort ar feadh tamaill ghearr chun sreabhadh an fhuail a bhainistiú le linn máinliachta.
- B’fhéidir gur mhaith le do dhochtúirí a thomhas cé mhéad fuail atá á dhéanamh agat nuair a bhíonn tú an-tinn.

Mura bhfuil a fhios agat cén fáth a bhfuil cataitéar ort, cuir ceist ar d’altra nó ar do dhochtúir. Beidh siad sásta labhairt leat faoi.

An féidir liom ionfhabhtú a fháil ó chataitéar fuail?

Má tá cataitéar fuail ort, ciallaíonn sé go bhfuil feadán ort agus taobh amháin de taobh istigh de do lamhnán agus an taobh eile ar crochadh taobh amuigh de do chorp isteach i mála. Fad is a bheidh an feadán sin ort, tá an baol ann go bhféadfaidh baictéir (frídíní) taisteal feadh an fheadáin agus dul isteach i do lamhnán.

Más gá an cataitéar a fhágáil istigh ar feadh cúpla seachtain nó níos faide, tá sé beagnach cinnte go rachaidh baictéir isteach i do lamhnán. Má fhanann na frídíní i do lamhnán amháin, is minic nach ndéanfaidh sé sin aon dochar. B’fhéidir go mbeifeá míchompordach nó go mbeadh pian sa chuid íochtair de do bolg corruair.

D'fhéadfadh athlasadh nó ionfhabhtú éigin teacht ort corruair gar don áit a dtagann an feadán amach.

- D'fhéadfadh míchompord nó pian a bheith mar thoradh air sin.
- D'fhéadfadh angadh nó fuil a bheith san áit a bhfuil an cataitéar.

Inis do d'altra nó do dhochtúir má fheiceann tú aon rud mar sin.

Is é an príomhríosca ionfhabhtaithe a bhaineann le cataitéar fuail má scaipeann na frídíní atá ag fás sa lamhnán suas go dtí na duáin nó isteach san fhuil. D'fhéadfá éirí an-tinn mar gheall air sin.

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith ort:

- creathadh
- teocht ard
- mothú laige

Má tharlaíonn sé sin, inis do d'altra nó do dhochtúir láithreach.

An féidir leat mé a chosaint ar ionfhabhtú ó chataitéar fuail?

Fiú leis an gcúram is fearr agus féidir, tá baol ionfhabhtaithe ann i gcónaí le cataitéar fuail. Beidh an ríosca níos airde má tá an cataitéar istigh agat ar feadh tamall fada, agus má tá tú an-leochaileach i leith ionfhabhtú.

Chun an baol ionfhabhtaithe a laghdú, níor cheart duit cataitéar fuail a fháil ach amháin má tá ceann de dhíth ort i ndáiríre. Ba chóir é a bhaint chomh luath agus nach bhfuil sé ag teastáil a thuilleadh.

Má tá cataitéar fuail ort, cuir ceist cén fáth a bhfuil sé ort agus cá fhad a bheidh sé de dhíth ort. Ní féidir le daoine áirithe déanamh gan cataitéar fuail ar feadh tamall fada (seachtainí nó míonna). Má tá cataitéar de dhíth ort i ndáiríre agus nach bhfuil aon bhealach eile ann chun do riocht a bhainistiú, ní féidir an baol go dtiocfaidh ionfhabhtú trom ort a sheachaint go hiomlán.

Is féidir an baol go dtiocfaidh ionfhabhtú ort a laghdú sna cásanna seo a leanas:

- má ghlantar an oscailt ina dtéann an cataitéar isteach agus an craiceann thart air go cúramach sula gcuirfear an cataitéar isteach, agus é sin a dhéanamh gach lá.
- má bhíonn an dochtúir nó an t-altra a chuirfidh an cataitéar isteach cúramach faoina lámha a ghlanadh roimh ré
- má chleachtann duine ar bith a dhéanann teagmháil leis an gcataitéar nó leis an mála sláinteachas láimhe maith

Cuimhnigh go bhfuil sé ceart go leor a mheabhrú do dhaoine a lámha a ghlanadh agus iad ag tabhairt aire duit.

An seachnóidh mé ionfhabhtú má ghlacaim antaibheathaigh agus an cataitéar orm?

Má thagann ionfhabhtú duáin nó ionfhabhtú fola trom ort ón gcataitéar, beidh cúrsa cóireála antaibheathach ag teastáil uait don ionfhabhtú sin. Mar sin féin, ní maith an rud é bheith ar antaibheathaigh an t-am ar fad. Má dhéanann tú é sin, d'fhéadfadh na baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach scaipeadh ar fud do lamhnáin. Ciallaíonn sé sin nach bhfaighfear réidh leis an ionfhabhtú le gnáth-antaibheathaigh.

Má tharlaíonn sé sin, beidh sé deacair ag do dhochtúirí an t-antaibheathach ceart a fháil chun cóir leighis a chur ort má thagann ionfhabhtú duáin nó fola ort. Is minic go mbíonn buinneach nó truis mar thoradh ar antaibheathaigh a ghlacadh ar feadh tamall fada agus is féidir le fo-iarmhairtí tromha a eile a bheith ag baint leis. I bhformhór na n-othar a bhfuil cataitéar orthu, is dóichí go ndéanfaidh sé níos mó dochair ná maitheasa bheith ag glacadh antaibheathach ar feadh tamall fada.

Ar cheart dom tástáil fuail a dhéanamh féachaint an bhfuil ionfhabhtú orm?

Ní fiú tástáil fuail a dhéanamh de ghnáth mura mbraitheann tú tinn agus go gceapann do dhochtúir go bhfuil ionfhabhtú duáin nó ionfhabhtú fola ort. Má bhíonn cataitéar ort ar feadh tamall fada, beidh toradh dearfach ar an tástáil fuail i gcónaí. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil ionfhabhtú ort – ciallaíonn sé go bhfuil baictéir i do lamhnán. Bíonn sé beagnach níos sábháilte i gcónaí gan bacadh leis na frídíní mura bhfuil siad do do dhéanamh tinn ag an am.

Bí ag faire amach do na siomptóim sin agus inis do d'altra agus do dhochtúir má:

- tá tinneas nó pian i do bholg nó san áit ina dtagann an cataitéar amach
- tá angadh nó fuil san áit a bhfuil an cataitéar
- tagann creatha fuachta ort nó éirínn do teocht ard nó braitheann tú an-tinn go tobann.

Tuilleadh eolais

Bí cinnte go labróidh tú leis an bhfoireann cúraim sláinte atá ag tabhairt aire duit má bhíonn ceistanna ar bith agat.

Is féidir leat eolas a fháil faoi shláinteachas láimhe, ar rialú ionfhabhtaithe agus ar tharbhfrídí a bhainistiú sa bhaile ar www.hse.ie/hcai nó ar www.hse.ie/handhygiene